# CÉ HÉ ODAISÉAS AR AON NÓS?

SCÉAL EACHTRAÍOCHTA AGUS GRÁ IS EA AN ODAISÉ INA N-INSÍTEAR DÚINN FAOI LAOCH NA GRÉIGE, ODAISÉAS, AGUS FAOINA THURAS ABHAILE ÓN GCOGAÍOCHT A THÓG DEICH MBLIANA. LEANANN AN SCÉAL SEO AN ÍLIAD, AR SCÉAL FAOI CHOGADH NA TRAOI É AGUS INA BHFUIL RÓL LÁRNACH AG LAOCH CLÚITEACH EILE DE CHUID NA SEAN-GHRÉIGE, AICHILL. TÁ DÉITHE AGUS BANDÉITHE NA SEAN-GHRÉIGE SA DÁ SCÉAL FREISIN. SCRÍOBHADH AN ÍLIAD AGUS AN ODAISÉ Ó THÚS MAR DHÁNTA AN-AN-FHADA SAN OCHTÚ CÉAD ROIMH CHRÍOST, BEAGNACH 3,000 BLIAIN Ó SHIN. ROINNTEAR AN DÁ DHÁN INA BHFICHE CEATHAIR CUID A DTUGTAR 'LEABHAIR' ORTHU (RUD A D'FHÉADFADH MEARBHALL A CHUR AR DHUINE!), AGUS CEAPTAR GUR FILE DARBH AINM HÓIMÉAR A SCRÍOBH IAD.

IS É AN REACAIRE A CHUIREANN SÍOS AR CHUID DE NA HEACHTRAÍ SAN ODAISÉ, ACH ODAISÉAS FÉIN A CHUIREANN SÍOS AR CHUID MHAITH ACU AGUS É INA AOI AG CÚIRT ALCINOS, RIALÓIR NA BHFÉICEACH. SEO ROINNT DE NA HEACHTRAÍ A THARLA D'ODAISÉAS.

## 1. AN CIOCLÓP (LEABHAR 9)

TÁ ODAISÉAS AGUS A CHRIÚ AG SEOLADH LEO AR AN BHFARRAIGE GO DTÍ GO MBAINEANN SIAD TÍR NA CIOCLÓIPÍ AMACH, AR CINE FATHACH AONSÚILEACH IAD. AGUS IAD SA TÓIR AR CHAORA, THÁINIG SIAD TRÍ THIMPISTE AR BHÉAL UAIMHE. AGUS É Á GHRÍOSADH AG AN GCUID EILE DÁ BHUÍON, TÉANN ODAISÉAS ISTEACH, AGUS CÉARD ATÁ ROIMHE ACH UAIMH LÁN LE CÁIS, BAINNE AGUS GABHAIR. TÁ IMNÍ AR AN GCRIÚ GO DTIOCFAIDH AN TÉ AR LEIS AN UAIMH AR AIS, AGUS MOLANN SIAD D'ODAISÉAS GLAC BIA A CHROCHADH LEIS AGUS BROSTÚ AMACH AS GO BEO. ACH DÉANANN ODAISÉAS AN IOMARCA MOILLE, AGUS FILLEANN FEAR AN TÍ! IS É AN CIOCLÓP POLAIFÉAMAS ATÁ ANN, MAC PHOISÍODÓN (DIA NA MARA)! LIGEANN POLAIFÉAMAS AIR FÉIN GO BHFUIL SÉ SÁSTA BUALADH LE HODAISÉAS AGUS A CHAIRDE, AGUS FEARANN SÉ FÁILTE ROMPU, MAR DHEA, ACH IS GEARR GO DTAGANN OCRAS AIR, AGUS ALPANN SIAR BEIRT DE CHRIÚ ODAISÉIS. COINNÍONN SÉ AN CHUID EILE ACU INA BPRÍOSÚNAIGH INA UAIMH AGUS RÚN AIGE IAD A BHEITH AIGE DÁ LÓN AN LÁ DAR GCIONN.

## 2. AN CIOCLÓP (LEABHAR 9)

TÁ AN T-ÁDH AR CHAIRDE ODAISÉIS GO BHFUIL SÉ THAR A BHEITH MEABHRACH, AGUS TAGANN SÉ AR SHEIFT A LIGFIDH DÓIBH ÉALÚ. AN MHAIDIN DAR GCIONN, AGUS POLAIFÉAMAS IMITHE I MBUN DUALGAS FEIRMEOIREACHTA, TAGANN ODAISÉAS AR STEAFÓG ADHMAID SAN UAIMH, AGUS DÉANANN SÉ É A THÉAMH AR AN TINE.

NUAIR A FHILLEANN POLAIFÉAMAS, IMRÍONN ODAISÉAS CLEAS AIR AGUS ÉIRÍONN POLAIFÉAMAS ÓLTA SULA MBÍONN DEIS AIGE AN CHUID EILE DE CHRIÚ ODAISÉIS A ITHE. TÁ POLAIFÉAMAS AR A CHOMPORD TAR ÉIS ROINNT MHAITH FÍONA A ÓL, AGUS IARRANN SÉ A AINM AR ODAISÉAS. MAR CHUID DÁ SHEIFT, INSÍONN ODAISÉAS DÓ GUR "NEAMHDHUINE" A AINM. GO GAIRID INA DHIAIDH SIN, TITEANN POLAIFÉAMAS INA CHODLADH. ÉALAÍONN ODAISÉAS AGUS A CHAIRDE AR PHOLAIFÉAMAS AGUS SÁNN SIAD AN STEAFÓG DHEARGTHE ISTEACH INA AONSÚIL. DÚISÍONN POLAIFÉAMAS DE GHEIT, AGUS NUAIR A BHÉICEANN SÉ AR NA COMHARSANA, "TÁ NEAMHDHUINE Á MO MHARÚ!", CEAPANN SIAD NACH BHFUIL RUD AR BITH AS ALT! ÉALAÍONN NA FIR ATÁ FÁGTHA AS AN UAIMH ANSIN. NUAIR ATÁ SIAD AR AIS AR A LONG GO SÁBHÁILTE, DÉANANN ODAISÉAS SCIGMHAGADH FAOI PHOLAIFÉAMAS AGUS BÉICEANN AMACH A AINM FÉIN, AR BEART ÉIGRÍONNA É. AGUS ODAISÉAS AGUS A CHRIÚ AG CROCHADH NA SEOLTA AGUS AG IMEACHT CHUN FARRAIGE, ABRAÍONN POLAIFÉAMAS PAIDIR DÁ ATHAIR, POISÍODÓN, AGUS IARRANN AIR DÍOLTAS A BHAINT AMACH ORTHU SIÚD A D'FHÁG INA DHALL É.

## 3. CIRCÉ (LEABHAR 10)

TAR ÉIS DÓIBH ÉALÚ ÓN GCIOCLÓP AGUS Ó STOIRMEACHA PHOISÍODÓIN, THARLA D'ODAISÉAS AGUS DÁ CHRIÚ A BHEITH AMACH Ó CHÓSTA OILEÁN AEIA. IS ANSIN A CHASTAR AN CHAILLEACH CIRCÉ ORTHU, AGUS Í INA CÓNAÍ I DTEACHÍN BEAG I LÁR COILLE, AGUS TUGANN SÍ CUIREADH DÓIBH BÉILE A ROINNT LÉI. NÍL GOILE AR BITH AG ODAISÉAS ACH ALPANN A CHAIRDE SIAR AN DÍOL RÍ D'FHÉASTA A CHUIRTEAR OS A GCOMHAIR. NUAIR ATÁ AN BÉILE ITE ACU, SEASANN CIRCÉ SUAS ÓNA CATHAOIR AG CEANN AN BHOIRD AGUS BAINEANN ÚSÁID AS DRAÍOCHT SHEANDA CHUN MUCA A DHÉANAMH ASTU!

TAGANN TEACHTAIRE NA NDÉITHE, HEIRMÉAS, I LÁTHAIR ODAISÉIS ANSIN, AGUS TUGANN LUIBH LE HITHE DÓ A LIGFIDH DÓ GEIS NA CAILLÍ A CHOMHRAC. I NDIAIDH D'ODAISÉAS AN LUIBH A ITHE, FAIGHEANN SÉ AN CEANN IS FEARR AR CHIRCÉ AGUS CUIREANN IALLACH UIRTHI CRUTH DAONNA A CHUR AR A CHAIRDE ARÍS. ÉIRÍONN ODAISÉAS AGUS CIRCÉ CAIRDIÚIL ANSIN, AGUS FANANN SÉ AGUS A CHRIÚ INA COMHLUADAR AR AEIA AR FEADH BLIANA. CUIREANN FIR ODAISÉIS INA LUÍ AIR SA DEIREADH GO BHFUIL SÉ IN AM LEANÚINT LENA DTURAS ABHAILE CHUIG IOTACA. INSÍONN CIRCÉ D'ODAISÉAS NACH BHFUIL ACH BEALACH AMHÁIN CHUN AN BEALACH ABHAILE A AIMSIÚ, SIN TAISTEAL CHUIG TÍR NA MARBH AGUS SPIORAD TIRISIAS A AIMSIÚ, AR FÁIDH DALL É, A INSEOIDH DÓ AN CHAOI LE DUL ABHAILE.

## 4. AN DOMHAN THÍOS (LEABHAR 11)

CUIREANN ODAISÉAS AGUS A CHRIÚ TÚS LENA DTURAS CONTÚIRTEACH CHUIG AN DOMHAN THÍOS. AGUS IAD AR A GCAMCHUAIRT, NÍ MÓR DÓIBH DUL I NGLEIC LEIS NA HOLLPHÉISTEANNA MARA, SCIOLLA AGUS CAIRÍBDIS, NA SÍRÉANAÍ AGUS TUILLEADH GUAISEANNA NACH IAD.

AR DEIREADH, BAINEANN SIAD ABHANN NA NAIGÉAN AMACH, I DTÍR NA GCIOMÉARACH. CUIREANN ODAISÉAS TÚS LE DEASGHNÁTH A MHÚIN AN CHAILLEACH CIRCÉ DÓ. DÉANANN SÉ TRINSE A THOCHAILT, AGUS DOIRTEANN ISTEACH OFRÁLACHA MEALA, BAINNE AGUS FÍONA. DÉANANN SÉ ÍOBAIRTÍ DEASGHNÁCHA ANSIN DE REITHE AGUS CAORA ANSIN, AGUS A BHFUIL Á HÚSÁID CHUN SPIORAID NA MARBH A MHEALLADH.

NÍ FADA INA DHIAIDH SIN A DTAGANN TIRISIAS, FÁIDH DALL NA TÉIBHE, I LÁTHAIR AGUS INSÍONN SÉ DÓIBH GO BHFUIL POISÍODÓN AG BAINT AMACH DÍOLTAS AR ODAISÉAS AGUS AR A CHRIÚ AS A MHAC, POLAIFÉAMAS, A DHALLADH. DÉANANN SÉ TAIRNGREACHT FREISIN MAIDIR LENA BHFUIL I NDÁN D'ODAISÉAS, GO BHFILLFIDH SÉ AR A BHAILE DÚCHAIS IN IOTACA, AGUS GO N-ATHAONTÓFAR É FÉIN AGUS A BHEAN CHÉILE, PÉINEALAIPÉ, SULA NDÉANANN SÉ TURAS CHUIG TÍR I BHFAD I GCÉIN CHUN POISÍODÓN A SHUAIMHNIÚ. IMÍONN TIRISIAS AS AMHARC ANSIN GAN FOCAL EILE A RÁ. CASTAR ANAMACHA A CHAIRDE A MARAÍODH I GCOGADH NA TRAOI AIR FREISIN, NA LAOCHRA AICHILL AGUS AIACS. LABHRAÍONN SIAD LEIS GO GONTA SULA N-IMÍONN SIADSAN AS AMHARC CHOMH MAITH.

AGUS GACH A BHÍ UAIDH FAIGHTE AIGE, CUIREANN ODAISÉAS TÚS LENA THURAS AR AIS GO HIOTACA, AGUS É CÚRAMACH GAN IMEACHT RÓ-FHADA ÓNA CHÚRSA.

## 5. FILLEADH, BRÉAGRIOCHT & DÚNMHARÚ (LEABHAIR 19 GO 22)

I NDIAIDH DO GO LEOR EACHTRAÍ EILE TARLÚ DÓ, BAINEANN ODAISÉAS AN BAILE AMACH SA DEIREADH, OILEÁN IOTACA. ÉALAÍONN SÉ ISTEACH AR AN OILEÁN GAN FHIOS AGUS É GLÉASTA MAR FHEAR DÉIRCE, MAR GO BHFUIL FIR INA GCÓNAÍ INA CHAISLEÁN ATÁ AG SUIRÍ LENA BHEAN CHÉILE, PÉINEALAIPÉ, AGUS SÚIL ACU Í A PHÓSADH. AGUS É AG DÉANAMH A BHEALACH TIMPEALL AN OILEÁIN, CASTAR AOIRE CINEÁLTA AR ODAISÉAS DARBH AINM EOMAES, AGUS CUIREANN SÉ SIN FÁILTE ROIMHE FANACHT LEIS INA BHOTHÁN.

TRÁTHNÓNA AMHÁIN, BHÍ PRIONSA IOTACA, TEILEAMEACHAS, AR MAC LE HODAISÉAS É, AG FÁMAIREACHT AR AN OILEÁN. TÁ TAIBHRIMH Á NDÉANAMH DÓ LE TAMALL ANUAS GUR GAIRID GO BHFILLFIDH A ATHAIR Ó CHOGADH NA TRAOI, AGUS GO MARÓIDH SÉ NA MEATACHÁIN ATÁ AG SEIFTIÚ SEILBH A GHLACADH AR RÍCHATHAOIR IOTACA.

## 6. BRÉAGRIOCHT, DÚNMHARÚ & TEACHT LE CHÉILE (LEABHAIR 19 GO 22)

AGUS SÚIL AIGE BUALADH LE HODAISÉAS TRÍ CHAOLSEANS, SIÚLANN TEILEAMEACHAS Ó THAOBH AMHÁIN DEN OILEÁN GO DTÍ AN TAOBH EILE. CASTAR AN T-AOIRE, EOMAES, AIR AGUS TUGANN SÉ SIN CUIREADH DÓ SEAL A CHAITHEAMH IN ÉINEACHT LEIS FÉIN AGUS A CHARA NUA. A LUAITHE IS A FHAIGHEANN SÉ DEIS A BHEITH INA AONAR LENA MHAC, LIGEANN ODAISÉAS A AITHNE LE TEILEAMEACHAS, AGUS TAGANN RÍMÉAD AIR SIN AR FHEICEÁIL A ATHAIR DÓ. CAITHEANN SIAD AN OÍCHE AG COMHRÁ, AGUS TOSAÍONN SIAD AG PLEANÁIL SEIFT CHUN DÍOLTAS A BHAINT AMACH AR NA SUIRÍGH.

AN LÁ DÁR GCIONN, AGUS É I MBRÉAGRIOCHT BACAIGH I GCÓNAÍ, ÉALAÍONN ODAISÉAS ISTEACH SA CHAISLEÁN. ÉIRÍONN LEIS NA SUIRÍGH A MHEALLADH, AGUS A THABHAIRT AR A THAOBH, AGUS TUGANN SIAD CUIREADH DÓ DEOCH A ÓL LEIS. DÉANANN PÉINEALAIPÉ, NACH BHFUIL A FHIOS AICI FÓS GO BHFUIL ODAISÉAS AR AIS, AN CINNEADH AN CHEIST A RÉITEACH AR DEIREADH CÉ ACU A PHÓSFAIDH SÍ TRÍ CHOMÓRTAS A EAGRÚ. INSÍONN SÍ DÓIBH GO BPÓSFAIDH SÍ CÉ ACU FEAR ATÁ IN ANN SREANGÁN A CHUR AR BHOGHA A FIR CHÉILE AGUS SAIGHEAD A SCAOILEADH TRÍ LÍNE DE DHÁ THUA DÉAG. BAINEANN NA SUIRÍGH TRIAIL AS, INA GCEANN AGUS INA GCEANN, ACH TEIPEANN ORTHU SREANGÁN A CHUR AR AN MBOGHA. IS É ODAISÉAS AN DUINE DEIREANACH, AGUS É FAOI BHRÉAGRIOCHT I GCÓNAÍ. ÉIRÍONN LEIS AN SREANGÁN A CHUR AR AN MBOGHA GO HÉASCA AGUS SCAOILEANN AN CHÉAD SAIGHEAD TRÍ GACH CEANN DEN DÁ THUA DÉAG.

GO TOBANN, DÍRÍONN ODAISÉAS AN BOGHA I DTREO NA SUIRÍOCH, AGUS SCAOILEANN DUINE ACU TRÍNA MHUINÉAL. NOCHTANN SÉ FÉIN ANSIN MAR ODAISÉAS, MAC LE LAERTÉAS AGUS TIARNA IOTACA! DÉANANN ODAISÉAS AGUS TEILEAMEACHAS SLÉACHT AR NA SUIRÍGH ANSIN, CEANN I NDIAIDH A CHÉILE. TAGANN ODAISÉAS AGUS PÉINEALAIPÉ AR AIS LE CHÉILE ARÍS TAR ÉIS AN ÁIR, AGUS TÁ FÉASTA ACU TRIÚR, TEILEAMEACHAS SAN ÁIREAMH, MAR CHEILIÚRADH AR ATHAONTÚ AN TEAGHLAIGH AGUS AR BHÁS NA SUIRÍOCH. TÁ ODAISÉAS SA BHAILE AR DEIREADH THIAR!

ANCIENT CLASSICS IN MODERN GALWAY

Ollscoil na Gaillimhe University of Galway

Institiúid de Móra do Thaighde sna Daonnachtaí agus sa Léann Sóisialta
Moore Institute for Research in the Humanities and Social Studies

Léann Clasaiceach
Classics

Images © Lydia Bullock lydiamichelle.com -

Text: Cian Colfer - Project coordinator: Sarah Corrigan